AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.7.2024
COM(2024) 305 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le hoibriú Rialachán (AE) Uimh. 912/2014 i ndáil leis an bhfreagracht airgeadais atá nasctha le réiteach díospóide idir infheisteoir agus stát faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta ar páirtí iontu an tAontas Eorpach

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le hoibriú Rialachán (AE) Uimh. 912/2014 i ndáil leis an bhfreagracht airgeadais atá nasctha le réiteach díospóide idir infheisteoir agus stát faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta ar páirtí iontu an tAontas Eorpach

1. Réamhrá

An 23 Iúil 2014, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 912/2014 lena mbunaítear creat chun freagracht airgeadais a bhainistiú atá nasctha le binsí socraithe díospóidí idir infheisteoir agus stát arna mbunú le comhaontuithe idirnáisiúnta ar páirtí iontu an tAontas Eorpach (an 'Rialachán maidir le Freagracht Airgeadais'). Is é Airteagal 207 CFAE a bhaineann leis an gcomhbheartas tráchtála, a bhfuil infheistíocht dhíreach choigríche ina comhpháirt de, bunús dlí an Rialacháin maidir le Freagracht Airgeadais.

Is é an Coimisiún an institiúid de chuid an Aontais atá i gceannas ar an Rialachán maidir le Freagracht Airgeadais a riar. Laistigh den Choimisiún, is í Ard-Stiúrthóireacht na Trádála an tseirbhís atá freagrach; tá an tSeirbhís Dlí i gceannas ar ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Aontais le linn imeachtaí um réiteach díospóidí agus na gcéimeanna dlíthíochta a d'fhéadfadh a bheith ann ina dhiaidh sin.

Leagtar amach sa Rialachán maidir le Freagracht Airgeadais critéir chun an stádas freagróra a chinneadh agus, an fhreagracht airgeadais as cóir a bhféadfadh dámhachtainí cúitimh airgid teacht astu bunaithe ar imeachtaí um réiteach díospóide idir infheisteoir agus Stát, chun an fhreagracht sin a leithdháileadh idir an tAontas agus na Ballstáit.

Go ginearálta, leithdháiltear freagracht airgeadais ar an eintiteas atá freagrach as an gcóir as a dtagann cúiteamh. Fágann sé sin go bhfuil freagracht airgeadais ar an Aontas i gcás ina gcuireann institiúid, comhlacht, gníomhaireacht nó oifig de chuid an Aontais an chóir lena mbaineann, agus go bhfuil freagracht airgeadais ar Bhallstát nuair a chuireann sé an chóir lena mbaineann. I gcás ina ngníomhaíonn Ballstát, áfach, ar dhóigh a cheanglaítear le dlí an Aontais, mar shampla trí threoir arna glacadh ag an Aontas a thrasuí, tá an fhreagracht airgeadais ar an Aontas féin a mhéid is a cheanglaítear le dlí an Aontais an chóir lena mbaineann.

Maidir leis an stádas freagróra, is é an riail ghinearálta go ngníomhaíonn an páirtí ar a bhfuil freagracht airgeadais mar an freagróir i ndíospóid freisin. Mar sin féin, tá imthosca sonracha ann ina ngníomhaíonn an tAontas mar an freagróir fiú nuair is ar an mBallstát atá cuid den fhreagracht airgeadais nó an fhreagracht airgeadais uile. Is amhlaidh sin, mar shampla, sna cásanna seo a leanas: iarrann Ballstát ar an Aontas gníomhú mar an freagróir (mar shampla i bhfianaise an tsaineolais theicniúil a theastaíonn sa díospóid); baineann an cás freisin le cóir a chuir Ballstát agus ceanglaítear cóir den sórt sin le dlí an Aontais; tá cóir chomhchosúil faoi réir imeachtaí um réiteach díospóidí EDT agus is gá comhsheasmhacht argóinteachta a áirithiú.

Leagtar amach sa Rialachán maidir le Freagracht Airgeadais socruithe chun a áirithiú, i gcás ina ngníomhaíonn an tAontas mar an freagróir i gcásanna a bhaineann le cóir a chuir Ballstát, go n-oibreoidh an Ballstát lena mbaineann agus an tAontas i ndlúthchomhar le chéile agus imeachtaí um réiteach díospóidí á seoladh, i gcomhréir le dualgas an chomhair dhílis a

chumhdaítear in Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Áirítear leis sin cosaint leasanna an Bhallstáit lena mbaineann a chur san áireamh, faisnéis thráthúil agus doiciméid ábhartha a mhalartú, dul i mbun comhairliúcháin go tráthrialta, agus páirt a ghlacadh sa toscaireacht chuig na himeachtaí.

Leagtar síos leis an Rialachán maidir le Freagracht Airgeadais freisin nósanna imeachta um socruithe a bheith déanta ag Ballstáit agus ag an gCoimisiún chun costais dlíthíochta agus dámhachtainí lena ndeonaítear cúiteamh airgid a íoc, chun a áirithiú nach gcuirfear ualach míchuí ar acmhainní an Aontais, fiú ar bhonn sealadach. Go háirithe, ceanglaítear ar an gCoimisiún agus ar an mBallstát lena mbaineann socrú a dhéanamh maidir le híocaíocht thréimhsiúil costas agus maidir le haon chúiteamh a íoc. Mura nglacann an Ballstát lena mbaineann le freagracht airgeadais, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhíriú chuige lena n-iarrfar air na méideanna ábhartha a sholáthar do bhuiséad an Aontais, mar aon leis an ús is infheidhme.

Ar deireadh, bunaítear leis an Rialachán maidir le Freagracht Airgeadais nósanna imeachta agus ceanglais chun cásanna a réiteach i gcás ina bhfuil socrú chun leasa an Aontais. I gcásanna nach bhfuil ach freagracht airgeadais an Aontais i gceist leo, is é an Coimisiún a dhéanfaidh cinneadh maidir leis an socrú. I gcás ina mbaineann cás le cóir a chuir Ballstát freisin, is gá comhaontú an Bhallstáit chun díospóid a réiteach, nó is féidir leis an gCoimisiún é a chinneadh ar choinníoll nach bhfuil aon impleachtaí airgeadais ná buiséadacha aige don Bhallstát lena mbaineann.

Le linn na gcéimeanna éagsúla de dhíospóid, forchuirtear leis an Rialachán maidir le Freagracht Airgeadais dualgais faisnéise ar an gCoimisiún *vis à vis* Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, mar shampla nuair a fhaigheann sé iarraidh ar chomhairliúchán ó éilitheoir tríú tír, sin nó fógra go bhfuil sé ar intinn aige imeachtaí um réiteach díospóidí a thionscnamh.

2. Raon feidhme reatha chur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Freagracht Airgeadais

An Rialachán maidir le Freagracht Airgeadais, tá feidhm aige maidir le himeachtaí um réiteach díospóide idir infheisteoir agus Stát a thionscnaíonn éilitheoir tríú tír agus a sheoltar faoi chomhaontuithe ar páirtí iontu an tAontas. Faoi láthair, go dtí go ndaingneofar agus go dtiocfaidh comhaontuithe i bhfeidhm ina bhfuil sásra um réiteach díospóidí idir infheisteoirí agus Stát, e.g. na comhaontuithe déthaobhacha le Ceanada (CETA), Singeapór, Vítneam, an tSile, níl feidhm éifeachtach ag an Rialachán maidir le Freagracht Airgeadais ach amháin maidir le cásanna um réiteach díospóide idir infheisteoir agus Stát a thionscnaítear in aghaidh an Aontais faoin gConradh um Chairt Fuinnimh (ECT).

3. Cásanna a thionscnaítear in aghaidh an Aontais faoin gConradh um Chairt Fuinnimh

Go dtí seo, tionscnaíodh dhá imeacht um réiteach díospóidí infheistíochta in aghaidh an Aontais faoin gConradh um Chairt Fuinnimh. Tá na himeachtaí sin ar feitheamh faoi láthair. Ina theannta sin, fuair an tAontas roinnt iarrataí ar chomhairliúcháin de bhun Airteagal 26 ECT, iarrataí nár tugadh ar aghaidh go dtí seo go dtí céim na headrána foirmiúla. Tugtar tuairisc níos mionsonraithe ar na himeachtaí sin uile thíos.

a. Éilimh Prosisa agus Risteel Corporation maidir le scéim tacaíochta na Spáinne um fhoinsí in-athnuaite fuinnimh (2015)

In 2015, fuair an Coimisiún dhá iarraidh ar chomhairliúchán de bhun Airteagal 26 ECT ón gcuideachta Eilvéiseach Prosisa AG agus ón gcuideachta Ollannach Risteel Corporation BV, faoi seach. Chuir an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 7 den Rialachán maidir le Freagracht Airgeadais an 7 Deireadh Fómhair 2015.

Rinne an dá chuideachta infheistíochtaí sna hearnálacha fótavoltacha agus gaoithe agus i dtáirgeadh fuinnimh in-athnuaite le bithmhais ar chríoch na Spáinne, agus bhain a n-éilimh le cinneadh na Spáinne an scéim tacaíochta um fhuinneamh in-athnuaite a leasú. An tráth céanna, thionscain na cuideachtaí imeachtaí in aghaidh na Spáinne. Go bunúsach, d'áitigh siad gur sháraigh an Coimisiún caighdeán na córa cothroime agus comhionainne a chumhdaítear in Airteagal 10 ECT trí idirghabháil a dhéanamh os comhair binsí eadrána a bunaíodh faoi ECT agus trína áitiú nach raibh feidhm ag ECT maidir leis an gcaidreamh idir Ballstát den Aontas agus infheisteoir ó Bhallstát eile den Aontas.

Reáchtáladh comhairliúcháin de bhun Airteagal 26(1) ECT an 1 Nollaig 2015 idir na hinfheisteoirí agus an Coimisiún. Shoiléirigh an Coimisiún gur mheas sé nach raibh aon bhunús dlí bailí ann lena gceadófaí do na cuideachtaí dul ar aghaidh lena ndíospóidí in aghaidh an Aontais.

Ní dheachaigh na cuideachtaí ar aghaidh lena n-éilimh in aghaidh an Aontais.

b. Éilimh Nord Stream 2 maidir leis an leasú ar an Treoir maidir le Gás (2019)

An 12 Aibreán 2019, sheol Nord Stream 2 AG, fochuideachta de chuid Gazprom atá corpraithe san Eilvéis, litir chuig an gCoimisiún ag lorg soiléiriú maidir le cur i bhfeidhm an chórais maolaithe atá i dTreoir (AE) 2019/692 an 17 Aibreán 2019 lena leasaítear Treoir 2009/73/CE maidir le Gás ('An Treoir Leasaitheach maidir le Gás')[1]. Sa litir sin, thug Nord Stream 2 fógra don Choimisiún freisin faoi shárú líomhnaithe ar ECT, agus d'iarr sé ar an Aontas iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach cairdiúil i gcomhréir le hAirteagal 26(1) ECT. I gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán maidir le Freagracht Airgeadais, cuireadh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi na forbairtí sin an 13 Bealtaine 2019.

D'áitigh Nord Stream 2 AG gur cheart dó a bheith incháilithe, faoin Treoir leasaithe maidir le Gás, le haghaidh maolú ó na rialacha maidir le díchuachadh, rochtain tríú páirtí agus rialáil taraife is infheidhme de bhun na Treorach maidir le Gás, toisc go ligfeadh maolú den sórt sin dó an infheistíocht a rinneadh a aisghabháil, agus ar an gcaoi sin a ionchais dhlisteanacha a urramú. Mhaígh sé, mura mbeadh sé incháilithe le haghaidh maolú faoin Treoir Leasaitheach maidir le Gás agus mura ndéanfaí aon bhearta eile chun é a chur i staid choibhéiseach, gurbh ionann é sin agus sárú ar oibleagáid an Aontais faoi ECT, go háirithe Airteagail 10 agus 13 ECT. D'áitigh Nord Stream 2 AG freisin go gcáilíonn sé mar infheisteoir de chuid Páirtí Conarthach faoi ECT ar cuideachta é a bhfuil a cheanncheathrú agus oibríochtaí suntasacha gnó aige in Zug na hEilvéise.

[1] Treoir (AE) 2019/692 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena leasaítear Treoir 2009/73/CE maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha, IO L 117, 3.5.2019, lch. 1.

Reáchtáladh comhairliúcháin idir an Coimisiún agus Nord Stream 2 an 25 Meitheamh 2019. D'fhorchoimeád an Coimisiún Eorpach a sheasamh maidir le cé acu a mheasann sé go bhfuil seasamh ag Nord Stream 2 éileamh a thabhairt faoi ECT nó nach measann, go dtí go gcuirfidh an t-infheisteoir fianaise nithiúil faoina oibríochtaí gnó san Eilvéis isteach. Chuir sé in iúl don infheisteoir freisin go measann sé go bhfuil an Treoir Leasaitheach maidir le Gás neamh-idirdhealaitheach agus i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais faoi ECT. Maidir leis an gceist an mbeadh Nord Stream 2 incháilithe le haghaidh maolú, mheabhraigh an Coimisiún rialacha na Treorach Leasaithí maidir le Gás, go háirithe go ndéanfaidh údaráis ábhartha na mBallstát cinneadh maidir le maoluithe a dheonú bunaithe ar rialacha náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir agus ar iarratais aonair.

Bhí malartuithe breise i scríbhinn ag an gCoimisiún le Nord Stream 2 an 8 Iúil, an 26 Iúil agus an 6 Lúnasa 2019. An 25 Iúil 2019, chuir Nord Stream 2 iarratas ar neamhniú na Treorach Leasaithí maidir le Gás faoi bhráid na Cúirte Ginearálta (Cás T-526/19). Dhíbh an Chúirt Ghinearálta an chaingean toisc í a bheith neamh-inghlactha le hordú an 20 Bealtaine 2020[2]. Ar achomharc, chuir an Chúirt Bhreithiúnais ordú na Cúirte Ginearálta ar ceal go páirteach agus dhearbhaigh sí go raibh an chaingean le haghaidh neamhniú a thionscain Nord Stream 2 AG inghlactha i leith forálacha áirithe den Treoir Leasaitheach maidir le Gás[3]. Tharchuir an Chúirt Bhreithiúnais an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le go ndéanfaidh sí cinneadh maidir le tuillteanais na caingne le haghaidh neamhniú, atá ar feitheamh faoi láthair (Cás T-526/19 RENV).

An 26 Meán Fómhair 2019, chuir Nord Stream 2 fógra eadrána isteach in aghaidh an Aontais de bhun Airteagal 26(2)(c) agus 26(4)(b) ECT. Chuir an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán maidir le Freagracht Airgeadais an 1 Deireadh Fómhair 2019.

San fhógra eadrána, an Treoir Leasaitheach maidir le Gás agus gníomhaíocht an Aontais i ndáil leis an Treoir Leasaitheach maidir le Gás, líomhnaíonn Nord Stream 2 AG gur sháraigh siad oibleagáidí an Aontais faoi ECT, go háirithe Airteagail 10(1), 10(7) agus 13 ECT.

An 9 Nollaig 2019, seasadh le hagóid ón Aontas in aghaidh eadránaí ainmnithe Nord Stream 2 AG. Tar éis malartuithe aighneachtaí i scríbhinn maidir le ceisteanna dlínse agus na tuillteanais le linn 2020 agus 2021, cuireadh na himeachtaí ar fionraí i mí an Mhárta 2022, tar éis Nord Stream 2 AG a bheith curtha faoi réir smachtbhannaí idirnáisiúnta agus tar éis dó dul i mbun imeachtaí comhdhéanaimh (cineál nós imeachta dócmhainneachta faoi dhlí na hEilvéise) san Eilvéis. An 3 Deireadh Fómhair 2022, d'áitigh an tAontas nach mbeadh údar leis an eadráin a chur ar fionraí a thuilleadh, agus gur cheart don Bhinse deireadh a chur leis an eadráin. An 13 Deireadh Fómhair 2022, thionóil an Binse cruinniú nós imeachta leis na páirtithe trí fhíschomhdháil. Chuir Nord Stream 2 AG in iúl don Bhinse, an riarthóir arna cheapadh de bhun an mhoratóra shealadaigh comhdhéanaimh, go ligfí don riarthóir leanúint ar aghaidh, ar choinníoll go n-áiritheoidh tríú páirtí an maoiniú is gá chun leanúint leis an eadráin. Mar fhreagra air sin, d'áitigh an tAontas nár léirigh Nord Stream 2 AG féidearthacht réasúnach go gcuirfí tús leis an eadráin an athuair, agus nár thug an fhaisnéis bhreise a chuir sé ar fáil údar le síneadh breise a chur le fionraí na headrána. Chuir an tAontas Iarraidh ar

[2] Ordú ón gCúirt Ghinearálta (an tOchtú Dlísheomra) an 20 Bealtaine 2020, *Nord Stream 2 AG* v *Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh*, Cás T-526/19, ECLI:EU:T:2020:210.

[3] Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta (an Mór-Dhlísheomra) an 12 Iúil 2022, *Nord Stream 2 AG* v *Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh*, Cás C-348/20 P, ECLI:EU:C:2022:548.

Urrús i leith Costas isteach freisin. Le litir dar dáta an 24 Samhain 2022, chuir Nord Stream 2 in iúl don Bhinse go raibh cistiú faighte aige chun leanúint den eadráin agus d'iarr sé ar an mBinse deireadh a chur le fionraí na n-imeachtaí. Chuir an tAontas ina choinne sin agus d'athdhearbhaigh sé a iarraidh ar ordú chun na himeachtaí a fhoirceannadh nó, mar mhalairt air sin, ordú chun atosú na headrána a dhiúltú mura gcuireann Nord Stream 2 urrús i leith costas ar fáil ar bhealach agus méid leordhóthanach. Le hordú an 14 Iúil 2023, dhiúltaigh an Binse don iarratas ar fhoirceannadh na headrána ach ghlac sé le hiarratas an Aontais ar urrús i leith costas. Dá bhrí sin, d'ordaigh sé do Nord Stream 2 urrús airgeadaíochta a thaisceadh le haghaidh chostais an Aontais maidir le hionadaíocht dhlíthiúil leis an mBuanchúirt Eadrána (BCE). Íocadh an t-urrús riachtanach i leith costas go cuí. Is éard a bheidh sna chéad chéimeanna eile tuilleadh aighneachtaí i scríbhinn a mhalartú agus éisteacht ó bhéal, ar dócha go mbeidh sí ar siúl ag tús 2025.

Tá na doiciméid a bhaineann leis an eadráin seo ar fáil ar shuíomh gréasáin an BCE[4].

c. Éilimh infheisteoirí na Ríochta Aontaithe thar ceann AS PNB Banka in aghaidh ceanglais rialála arna mbunú ag an mBanc Ceannais Eorpach (2019)

An 2 Bealtaine 2019, fuair an Coimisiún litir, de bhun Airteagal 26(1) ECT, ó infheisteoirí Rúiseacha (a bhfuil náisiúntacht na Ríochta Aontaithe acu) thar ceann an bhainc Laitviaigh AS PNB Bank, maidir le cinntí áirithe ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE) a d'fhorchuir ceanglais rialála ar an mbanc agus a líomhnaítear a rinne difear dá n-infheistíocht i ngléasra cumhachta gaoithe sa Laitvia, Winergy.

Go háirithe, mhaígh na hinfheisteoirí gur tarraingíodh siar ceadúnas an bhainc mar thoradh ar dhréachtchinneadh ó BCE an 17 Bealtaine 2019 lenar forchuireadh spriocdhátaí ar AS PNB Bank chun a neamhchosaint ar Winergy a réiteach agus chun tairseacha áirithe leordhóthanachta caipitil a chomhlíonadh, agus go raibh a n-infheistíochtaí in Winergy thíos leis dá bharr. D'áitigh na hinfheisteoirí go raibh an tAontas, trína ghníomhaíochtaí, ag cur a n-infheistíochtaí in Winergy agus sábháilteacht na n-infheistíochtaí sin i mbaol, de shárú ar oibleagáidí an Aontais faoi Chuid III de ECT, in éineacht leis an Laitvia.

Cuireadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi na líomhaintí sin ar an 24 Bealtaine 2019.

An 28 Meitheamh 2019, sheol an Coimisiún litir chuig na hinfheisteoirí inar leagadh amach an tuairim nach raibh seasamh acu chun imeachtaí a thionscnamh in aghaidh an Aontais faoi ECT, óir ba náisiúnaigh den Aontas iad na hinfheisteoirí, agus inar moladh na héilimh a tharraingt siar. Ní dheachaigh na hinfheisteoirí ar aghaidh lena n-éilimh in aghaidh an Aontais.

d. Éilimh infheisteoirí Polannacha maidir le gníomhaíochtaí mianadóireachta ligníte i mianach Turów sa Pholainn (2022)

An 17 Eanáir 2022, fuair an Coimisiún litir, de bhun Airteagal 26(1) ECT, ó na hinfheisteoirí Polannacha PGE Polska Grupa Energetyczna S.A. agus PGE Górnictwo i Energetyka Konwencjonalna S.A. (dá ngairtear 'PGEnna' le chéile), maidir lena n-infheistíochtaí i

[4] https://pca-cpa.org/en/cases/239/.

ngníomhaíochtaí mianadóireachta ligníte i mianach Turów sa Pholainn. Maíodh sa litir go raibh fógra á thabhairt don Aontas faoi shárú féideartha ar ECT agus bhí iarraidh inti teacht ar réiteach cairdiúil idir an tAontas agus na PGEnna i gcomhréir le hAirteagal 26(1) de ECT. Go háirithe, thagair na PGEnna d'orduithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) i gCás C-121/21[5], lena n-ordaítear go scoirfí de ghníomhaíochtaí mianadóireachta ligníte i mianach Turów.

An 8 Márta 2022, sheol an Coimisiún litir chuig na hinfheisteoirí inar leagadh amach an tuairim nach raibh seasamh acu chun imeachtaí a thionscnamh in aghaidh an Aontais faoi ECT, óir ba náisiúnaigh den Aontas iad na hinfheisteoirí, agus inar moladh na héilimh a tharraingt siar. Ní dheachaigh na hinfheisteoirí ar aghaidh lena n-éilimh in aghaidh an Aontais.

e. Éilimh SCE Solar Don Benito APS (2022)

An 18 Samhain 2022, fuair an Coimisiún litir ón infheisteoir Danmhargach SCE Solar Don Benito APS, de bhun Airteagal 26(1) ECT. Tá an t-infheisteoir gníomhach i margadh an ghrianfhuinnimh agus bhí sé ar cheann de na héilitheoirí i gcás eadrána ECT *Green Power K/S agus SCE Solar Don Benito APS vs. Ríocht na Spáinne* (Cás SCC Uimh. V2016/135). Rinne an Coimisiún idirghabháil mar *amicus curiae* san eadráin sin, a tugadh i gcrích le dámhachtain lenar diúltaíodh na héilimh mar gheall ar easpa dlínse ag an mbinse eadrána. Go háirithe, mheas an binse go raibh breithiúnais *Achmea* agus *Komstroy* ó CBAE infheidhme maidir leis an eadráin agus nach raibh feidhm ag tairiscint na Spáinne eadráin a dhéanamh faoi ECT maidir le caidreamh laistigh den Aontas. Ina litir an 18 Samhain 2022, rinne an t-infheisteoir tagairt do bhreithiúnais CBAE agus d'idirghabháil an Choimisiúin san eadráin roimhe sin, agus mhaígh sé gur sháraigh an tAontas ECT trí chosc a chur air a chearta dlíthiúla eadrána a dhearbhú go héifeachtach.

An 27 Eanáir 2023, sheol an Coimisiún litir chuig an infheisteoir inar leagadh amach an tuairim nach raibh seasamh aige chun imeachtaí a thionscnamh in aghaidh an Aontais faoi ECT, óir ba náisiúnach den Aontas an t-infheisteoir, agus inar moladh na héilimh a tharraingt siar. Ní dheachaigh an t-infheisteoir ar aghaidh lena éilimh in aghaidh an Aontais.

f. Éilimh Klesch Group Holdings Limited & eile a bhaineann le Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle (2023)

An 2 Deireadh Fómhair 2023, fuair an Coimisiún iarraidh ar eadráin in aghaidh an Aontais tríd an Lárionad Idirnáisiúnta chun Díospóidí Infheistíochta a Shocrú (ICSID) i ndíospóid faoi ECT, iarraidh a fuarthas ó Klesch Group Holdings Limited & eile ('Klesch Group'). Is grúpa cuideachtaí é Klesch Group atá gníomhach san earnáil fuinnimh agus atá corpraithe i nGeirsí. Roimh an iarraidh ar eadráin, tugadh fógra díospóide agus cuireadh isteach iarraidh ar chomhairliúcháin maidir leis an ábhar céanna. Baineann an díospóid le hinfheistíochtaí i scaglanna ola sa Danmhairg agus sa Ghearmáin, agus cuireann Grúpa Klesch in aghaidh na ranníocaíochta dlúthpháirtíochta sealadaí faoi Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle[6].

---

[5] Cás C-121/21, *Poblacht na Seice v an Pholainn (Mine de Turów)*. Baineadh an cás den chlár le hordú ó Uachtarán na Cúirte an 4 Feabhra 2022.

[6] Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh (IO L 261I, 7.10.2022, lgh. 1-21).

Socraítear leis an Rialachán ón gComhairle ranníocaíocht dlúthpháirtíochta shealadach shainordaitheach ar bharrachas brabúis gnólachtaí in earnálacha an pheitriliam, an gháis nádúrtha, an ghuail agus na scaglainne, arna ríomh ar bhrabúis inchánach sa bhliain fhioscach dar tús 2022 agus/nó in 2023 atá os cionn méadú 20 % ar mheánbhrabúis bhliantúla inchánach idir 2018 agus 2021. Chuir an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin díospóid faoin Rialachán maidir le Freagracht Airgeadais an 20 Deireadh Fómhair 2023.

Fuair an Danmhairg agus an Ghearmáin iarrataí comhchosúla ar eadráin ó Klesch Group maidir lena reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear an ranníocaíocht dlúthpháirtíochta shealadach chun feidhme. Tá an Coimisiún i ndlúth-theagmháil leis an Danmhairg agus leis an nGearmáin chun cosaint chomhpháirteach a chomhordú. Go háirithe, dheimhnigh an Danmhairg agus an Ghearmáin, de réir bhrí Airteagal 9(1)(b) den Rialachán maidir le Freagracht Airgeadais, nach bhfuil sé i gceist acu gníomhú mar fhreagróirí sna cásanna a thug Klesch Group ina gcoinne. Dá bhrí sin, gníomhóidh an tAontas mar fhreagróir sna cásanna sin (Airteagal 9(1), an abairt dheireanach, den Rialachán maidir le Freagracht Airgeadais).

4. Trédhearcacht in imeachtaí um réiteach díospóide idir infheisteoir agus stát in aghaidh an Aontais

Tá an Coimisiún Eorpach tiomanta don leibhéal is airde trédhearcachta a áirithiú in imeachtaí um réiteach díospóidí idir infheisteoirí agus an Stát a thionscnaítear in aghaidh an Aontais. Le blianta beaga anuas, tá athchóiriú ó bhonn déanta ag an gCoimisiún ar chur chuige an Aontais maidir le réiteach díospóidí infheistíochta trí roinnt tionscnamh. Áirítear orthu sin rialacha a chaibidliú maidir le trédhearcacht, ar glacadh Rialacha Trédhearcachta UNCITRAL in 2013 dá bharr, agus ionchorprú na rialacha sin i bhforálacha na gCóras Cúirte Infheistíochta a bunaíodh i gcomhaontuithe déthaobhacha an Aontais le Ceanada, Singeapór, Vítneam, an tSile agus Meicsiceo.

Bhí an tAontas rannpháirteach freisin sa chaibidlíocht a rinneadh ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Trédhearcacht in Eadráin Chonradhbhunaithe idir Infheisteoirí agus Stáit (‘Coinbhinsiún Oileán Mhuirís’, Nua-Eabhrac, 2014), ar Coinbhinsiún de chuid na Náisiún Aontaithe é lena bhforáiltear do chur i bhfeidhm Rialacha Trédhearcachta UNCITRAL maidir leis an stoc atá ann cheana de bhreis agus 3000 conradh déthaobhach infheistíochta. D’fhéach an Coimisiún le rialacha Trédhearcachta UNCITRAL a chur i bhfeidhm maidir le ECT trí Choinbhinsiún Oileán Mhuirís agus tá togra déanta aige le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear don Aontas Coinbhinsiún Oileán Mhuirís a shíniú i mí Eanáir 2015. An 25 Meitheamh 2024, ghlac an Chomhairle an cinneadh maidir le síniú Choinbhinsiún Oileán Mhuirís agus tá sé le síniú ag an Aontas go foirmiúil anois. Daingneoidh an tAontas Coinbhinsiún Oileán Mhuirís ina dhiaidh sin, tar éis do Pharlaimint na hEorpa é a fhormheas. A luaithe a shíníonn an tAontas Coinbhinsiún Oileán Mhuirís agus a thugann sé i gcrích é, féadfaidh na Ballstáit leanúint ar aghaidh le daingniú náisiúnta.

Idir an dá linn, ghlac an Coimisiún tionscnaimh chun an leibhéal trédhearcachta is iomláine is féidir a áirithiú maidir le héilimh na n-infheisteoirí a cuireadh in iúl dó go dtí seo. D’fhoilsigh sé na malartuithe is déanaí idir infheisteoirí agus an Coimisiún ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála (https://ec.europa.eu/trade/policy/accessing-markets/dispute-settlement/investment-disputes/). Má chinneann infheisteoirí a n-éilimh a chur chun eadrána, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leanúint de chaighdeáin trédhearcachta a chur i bhfeidhm, trí chomhaontú a lorg leis na hinfheisteoirí chun aighneachtaí a fhoilsiú, agus trí éisteachtaí oscailte a eagrú.

***